

NNNí
IARSMALANNA NAÍSIÚNTA TÉ

nationalmuseumsni.org



Coláiste Ollscoile
Naomh Muire
Béal Feirste
An tUisnead



Urraithe ag
Foras na Gaeilge

NNNí
IARSMALANN DAONCHULTÚIR ULADH

CÚL TRÁ-IL

Stair na Gaeilge
trí na háiteanna agus na pearsana
in Iarsmalann Daonchultúir Uladh



CÚL TRÁ-IL

Stair na Gaeilge
trí na pearsana agus na háiteanna
in Iarsmalann Daonchultúir Uladh

TEACH TIONÓIL NA hÓMAÍ (5)

Omagh Meeting House

Bhí Gaeilge ag go leor de na Preispitéirigh a tháinig go Cúige Uladh le linn na bplandálacha ag tús an 17ú haois. Cuireadh an Eaglais Phreispitéireach in Éirinn ar bun sa bhliain 1642. Ba é an tUrramach Jeremiah O'Quinn an chéad mhisinéir leis an Ghaeilge a úsáid. Cuireadh go Cúige Chonnacht é leis na daoine ansin a thiontú ina bPreispitéirigh in 1654.

Tógadh an teach tionóil Preispitéireach seo ar an Ómaigh in 1717, nuair a bhí a gcéad Mhisean Baile Gaeilge i gCúige Uladh agus i dTír Eoghain á reáchtáil ag na Preispitéirigh. Ceann de na fáthanna ar theip ar an chéad mhisean seo ná cionn is nach raibh go leor ministrí acu a raibh Gaeilge na hAlban acu. Faoi na blianta 1750, bhí Preispitéirigh Uladh ag cailleadh suim sa Ghaeilge.

Roinnt blianta ina dhiaidh sin, áfach, ghlac glúin nua de Phreispitéirigh go fonnmhar leis an Ghaeilge mar chuid dá n-oidhreacht féin. Cuireadh tús leis an dara Misean Baile Gaeilge sna 1830idí. Lean siad treoir an Chumainn Éireannaigh agus bhunaigh siad 30 scoil charthanais ar fud na gceantar Gaeltachta i dTír Eoghain, in Aontroim agus i nDoire. Is múinteoirí Caitliceacha, den chuid is mó, a bhí fostaithe sna scoileanna seo. D'úsáid siad aistriúchán Gaeilge den Bhíobla le léamh agus scríobh a theagasc do na scoláirí a bhí acu.

Agus an Misean seo i mbarr a réime sa bhliain 1841, dar leis na Preispitéirigh go raibh 120 scoil Ghaeilge acu i dTír Eoghain amháin. Mar gheall ar theannas seicteach, áfach, cuireadh deireadh leis an dara Misean Baile seo sa bhliain 1854. D'fhág an scoláireacht a léirigh go leor Preispitéireach oidhreacht shaibhir ina ndiaidh. Léirigh an tUrramach William Neilson ceannródaíocht lena leabhar ar ghramadach na Gaeilge, *An Introduction to the Irish Language* (1808), leabhar a bhí bunaithe ar Ghaeilge Chontae an Dúin.



EAGLAIS CHRÍOST, CILL MHÓR MHORAINN (11)

Christ Church, Kilmore

Bhí an eaglais Phrotastúnach seo le feiceáil lá den saol sa Chill Mhór i gcontae an Dúin. Mar a thugann leagan níos luaithe den ainm le fios, bhí eaglais mhór, nó *Cill Mhór*, ann roimhe sin san áit ar tógadh an eaglais Phrotastúnach agus baint ag naomh darbh ainm Morann léi, i bhfad siar sa stair.

Samhlaíonn go leor daoine ceangal idir Eaglais na hÉireann agus teacht i réim an Bhéarla mar phrómhtheanga labhartha in Éirinn. Is amhlaidh, áfach, go bhfuil fírinne an scéil níos casta ná sin. Le linn ré an Reifirméisin, mar shampla, bhí Eaglais na hÉireann i dtús cadhnaíochta maidir le leabhair agus téacsanna reiligiúnacha a phriontáil i nGaeilge. D'úsáid siad iad leis na Gaeil Chaitliceacha a iompú ar an Phrotastúnachas. Ba leabhar Protastúnach é an chéad leabhar Gaeilge riamh a priontáladh, sa bhliain 1571. ***Aibidil Gaoidheilge agus Caiticiosma*** [aibítir na Gaeilge agus rialacha creidimh] an t-ainm a bhí air. Is fear darbh ainm John Ó Cearnaigh a scríobh é. Dúradh go fiú go raibh suim ag an Bhanrón Éilis I sa Ghaeilge. Spreag sé seo an Tiarna Delvin le *A Primer of the Irish Language* a fhoilsiú sa bhliain 1584. Is leabhar é seo a d'iarr an Bhanrón le cuidiú léi Gaeilge a fhoghlaim!

Ar dhuine de na hAnglacánaigh ba mhó a raibh suim aige sa Ghaeilge, bhí an tUrramach Sasanach, William Bedell. Ceapadh é ina Phropast i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, in 1627 agus mar Easpag na Cille Móire agus Ardach in 1629. Bhí a oiread sin dúile ag Bedell sa Ghaeilge gur chuir sé roimhe féin an chéad leagan Gaeilge riamh den Sean-Tiomna a chruthú. Foilsíodh é seo, faoi dheireadh, sa bhliain 1685.



LÁR BHAILE CHÚL TRÁ

The Diamond

Tugtar *an Diamant* ar an chearnóg i lár Bhaile Chúl Trá. Fuair an baile beag seo a ainm ón áit a bhfuil sí lonnaithe, *ag cúl na trá*.

Cé go raibh an Ghaeilge a bheag nó a mhór imithe as Baile Chúl Trá faoin 18ú haois, tharla sórt athbheochana sa bhaile, ó thaobh na Gaeilge de, ag deireadh an 19ú agus ag tús an 20ú haois. Tháinig a lán Gaeilgeoirí isteach sa cheantar ó áiteanna eile in Éirinn.

D'ainneoin a gcreideann daoine, ní feirmeoirí agus lucht léinn amháin a labhair Gaeilge. Bhí Gaeilge ag meascán mór de dhaoine éagsúla sa cheantar seo. Mar shampla, ar na Gaeilgeoirí atá luaite in iontrálacha Chúl Trá ó dhaonáireamh 1901 agus ó dhaonáireamh 1911, tá: an saor cloiche, Hugh Coyle, agus a bhean, Mary, as Contae Dhún na nGall; an t-ailtire, Thomas William Henry, as Béal Feirste, agus a bhean, Margaret, as Contae Lú; úinéir talaimh darbh ainm Francis A. Heron; Máire Áine Ní Dhubhda as Contae Aontroma, a chónaigh anseo lena hathair, an máistir stáisiúin, Patrick, agus a scríobh a cuid sonraí daonáirimh i nGaeilge; agus Rosamond Praeger, dealbhóir, a d'fhreastail ar na chéad chruinnithe de Chraobh Bhéal Feirste de Chonradh na Gaeilge in 1895.



TEACH AN MHARGAIDH & NA CÚIRTE, BUN ABHANN DALLA (14)


Market and Court House, Cushendall

Tógadh an teach cúirte seo, ó Bhun Abhann Dalla, sna 1850idí. Amhail an chuid is mó de na hinstitiúidí oifigiúla in Éirinn ag an am sin, ceann de na tionchair is mó a bhí lena chuid oibre ná gur chuidigh sé le húsáid an Bhéarla a chur chun cinn agus a dhaingniú mar phríomhtheanga chumarsáide na tíre.

Ó tugadh isteach an tAcht um Riar an Chirt, nó an *Administration of Justice (Language) Act (Ireland)*, in 1737, bhí ceangal ar dhaoine gan ach Béarla amháin a úsáid i ngach cás cúirte agus i ngach gnó de chuid na gcúirteanna in Éirinn. Chuir sé seo lucht na Gaeilge go mór faoi mhíbhuntáiste, ar ndóigh, agus iad ag iarraidh ciall a dhéanamh den mhéid a bhí ag tarlú sa chúirt nó ag iarraidh a gcuid fianaise a thabhairt.

Le linn cás amháin sa teach cúirte seo sa bhliain 1910, dhiúltaigh an breitheamh glacadh le teastas mar go raibh síniú i nGaeilge air. *‘Níl an Ghaeilge dleathach,’* arsa póilín, de chogar, leis an bhbreitheamh. *‘Cén mhaith an teastas sin anseo,’* arsa an giúistís a bhí i gceannas, go feargach, *‘ní thuigeann duine ar bith é!’* Bhí breitheamh eile ann fosta, áfach, agus níor aontaigh seisean. Dar leis go raibh *‘iontas agus náire’* air, as an mhéid a dúirt an giúistís. Ag an chéad suí cúirte eile, glacadh leis an *‘Famous Gaelic Pledge’*, mar a thug nuachtáin an ama sin air.

Mar an gcéanna, beidh cuimhne go deo ar scéal Néill Mhic Giolla Bhríghde, feirmeoir beag as iarthuaisceart Dhún na nGall mar gheall ar an amhrán, *An Trucailín Donn*. Is fíorscéal atá taobh thiar den amhrán. In 1905, stop na péas Niall lá amháin cionn is go raibh comhartha Gaeilge ‘doléite’ aige ar a thrucailín beag. Gearradh fíneáil air ach dhiúltaigh Mac Giolla Bhríghde an fhíneáil a íoc. Rinne sé achomharc le Cúirt Bhinse an Rí i mBaile Átha Cliath ach níor éirigh leis an achomharc. Ba é Pádraig Mac Piarais a bhí mar dhlíodóir ag Niall agus a chás os comhair na cúirte i mBaile Átha Cliath.




CLÓLANN MHC AN BHAIRD (16)

Baird's Print Shop

Tá an Ghaeilge ar cheann de na teangacha is sine san Eoraip. Bhí an Ghaeilge á scríobh síos chomh fada siar leis an 4ú haois AD. Ciallaíonn sé sin gur sa Ghaeilge atá an litríocht is sine, i dteanga an phobail, in iarthar na hEorpa. Priontáladh na chéad leabhair sa Ghaeilge sa 16ú haois.

Bhí ról thar a bheith tábhachtach ag na hirisleabhair agus na nuachtáin a cuireadh i gcló i nGaeilge i dtaca leis an teanga a choinneáil beo. Ba é **Bolg an tSolair** an chéad irisleabhar Gaeilge a cuireadh amach i gCúige Uladh. Tháinig sé amach in 1795. Ciallaíonn an t-ainm ‘mála de rudaí éagsúla’ – nó bhí rud ann do gach duine! Foilsíodh roinnt leabhar agus irisleabhar Gaeilge sa 19ú haois ach ní go dtí an athbheochan Ghaelach sna 1890idí a tháinig borradh ceart faoin phriontáil sa Ghaeilge. Is i mBéal Feirste a cuireadh i gcló an t-irisleabhar **Shan Van Vocht** (Seanbhean Bhocht) idir na blianta 1895 agus 1899. Is Meitidisteach as an Ómaigh darbh ainm Alice Milligan, agus Caitliceach as an Bhaile Mheánach darbh ainm Anna Johnston, a chuir an iris in eagar. Bhí an bheirt acu ina mball de Chonradh na Gaeilge.

I dtrátha an ama chéanna, bhí nuachtán Chonradh na Gaeilge, **An Claidheamh Soluis** (‘Claíomh Solais’), á chur in eagar i mBaile Átha Cliath ag Eoin Mac Néill as Gleann Arma, i gContae Aontroma. Is dócha go bhfuil **An tUltach**, a cuireadh amach de chéaduair in 1924, ar an irisleabhar is mó ráchairt den iomlán. Ba é seo an t-irisleabhar oifigiúil míosúil a bhí ag Comhaltas Uladh, craobh Uladh de Chonradh na Gaeilge. Ba bheag nár mhair sé an céad iomlán nó bhí sé á fhoilsiú ar feadh 94 bliain! Is i mBéal Feirste fosta a cuireadh an t-aon nuachtán laethúil Gaeilge riamh i gcló – **Lá**.



FEIRM CHNOIC CHOIS CÍBE (43)

Coshkib Hill Farm

Bhí an teach beag feirme seo le feiceáil tráth i gCois Cíbe i nGlinnte Aontroma. Is cineál d'fhéar fada í *cí/b* a fhásann ar thalamh fluich.

Sular tháinig an Gorta Mór, bhíodh an Ghaeilge á labhairt achán áit i nGlinnte Aontroma. I gcaitheamh an 19ú haois, áfach, mar gheall ar an trádáil agus teagmhálacha eile le pobail lasmuigh de na Glinnte, shleamhnaigh an Béarla isteach sa cheantar agus ghlac áit na Gaeilge mar phríomhtheanga an phobail. Léiríonn daonáireamh 1901 nach raibh ach cainteoir Gaeilge amháin fágtha i gCois Cíbe, Archibald McMullan, 80 bliain d'aois.

Nuair a thug grúpa as Craobh Bhéal Feirste de Chonradh na Gaeilge cuairt ar an cheantar in 1896, spreagadh athbheochan Gaeilge sa cheantar. Bhí ról lárnach ag beirt mhúinteoirí as Contae Maigh Eo, a bhí ina gcónaí sna Glinnte, san athbheochan áitiúil seo. Coinníodh súil ar leibhéil labhartha na Gaeilge sa cheantar agus reáchtáladh ranganna rialta Gaeilge leis an Ghaeilge a chur ar aghaidh chuig daoine eile.

In 1904, reáchtáladh féile shamhraidh darbh ainm *Feis na nGleann* i mbaile Bhun Abhann Dalla. Is é an aidhm a bhí léi ná ealaíona agus cultúr na Gaeilge a chur chun cinn. Cuireadh tús leis an Fheis le mórshiúl ó Bhun Abhann Dalla go Gleann Aireamh. Ansin, bhí comórtais Ghaeilge, damhsa, iománaíocht agus imeachtaí cultúrtha eile ann. Bhíodh an-tóir ag daoine ar an **Fheis** agus reáchtáladh i mbaile difriúil í achán bhliain.



MUILEANN SPÁD OILEÁN AN GHUAIL (44)

Coalisland Spade Mill

Bhí an muileann spád seo suite, lá den saol, i mbaile fearainn **Dhoire** (*Derry*), rud a thugann le fios go mbíodh crainn darach ag fás san áit, tráth. Ba iad muintir Patterson a bhí i mbun na monarchan. Bhí an mhonarcha ag déanamh spád ar feadh thart ar 100 bliain, ó lár an 19ú haois go dtí na 1950idí.

Samhlaíodh spáda go mór le hoibrithe Éireannacha sa 17ú haois. An t-am sin, bheadh oibrithe fánacha, nó ‘spailpíní’, nach raibh talamh dá gcuid féin acu, ag siúl tríd an tír ar lorg obair shéasúrach ag tochailt sna páirceanna agus gan acu ach spád. Tá dán le spailpín amháin ón 18ú haois le feiceáil istigh sa Mhuileann Spád.

As an 120 cineál difriúil de spáda in Éirinn, ní hiontas ar bith é gur glacadh cuid de na hainmneacha Gaeilge a bhí orthu isteach sa Bhéarla. Tugadh “loy” ar an **láí**, spád thanaí a úsáidtear le prátaí a bhaint. Tugadh “slane” ar an sleán nó sleaghán, spád móna. Rud eile, baineadh úsáid as scrógóg nó “flachter” i dTír Eoghain agus in Aontroim, leis an tsraith uachtair den phortach a bhaint amach. Tá ainm spáide eile – **rámhainn** – le cluinstitín sa nath cainte Gaeilge a chuireann síos ar an dóigh ar thit sochaí na nGael as a céile chomh tobann sin, gur fágadh na mílte gan talamh gan saibhreas: **Trí ghlúin ó rí go rámhainn** (an seanathair ina rí, ach an garmhac ag iompar spáide).

Bhí ról indéreach ag na ‘fir shléibhe’ a d’oibrigh i muileann spád eile i dTír Eoghain in athbheochan an chultúir Ghaelaigh. Agus é ina ghasúr, chuala George Sigerson iad ag caint i nGaeilge i muileann a athar féin. Spreag sé seo é féin leis an Ghaeilge a fhoghlaim. Spreag a chuid litríochta cuid de na daoine is mó in athbheochan na Gaeilge, Dubhghlas de hÍde, go háirithe. Bhain Sigerson clú agus cáil amach dó féin mar scoláire agus mar eolaí agus beidh cuimhne air go ceann blianta fada.



TEACH FEIRME CHNOC AN CHLADAIGH (46)

Cruckaclady Farmhouse

Tá an teach feirme seo ón 19ú haois suimiúil go maith mar go bhfuil an seomra leapa suite os cionn an bhóithigh. D'fhág sé seo gur chuidigh an teas ó na hainmhithe leis an teach a théamh le linn an gheimhridh.

Tá Cnoc an Chladaigh suite lámh le Mín na nGearrach i gceantar Mhuintir Luinigh i gContae Thír Eoghain. Léiríonn litriú Béarla an ainm go leor eolais dúinn faoin chineál Gaeilge a bhíodh á labhairt sa cheantar seo lá den saol. Bhí fuaimniú *cr* le tús an fhocail **Cnoc** mar a chluintear go fóill i nGaeilge Dhún na nGall. Sa chás seo, ciallaíonn an dara cuid den ainm ‘talamh tirim’ .

Cé go bhfuil Tír Eoghain suite i lár Chúige Uladh, deir na saineolaithe teanga go mbaineann Gaeilge Thír Eoghain le canúint oirthear Uladh. Tá cuid de na focail a bhíodh acu níos cóngaraí do Ghaeilge na hAlban ná mar a bheadh siad do Ghaeilge Dhún na nGall – **tonnóg** ar lacha, mar shampla, nó **cha** ar ní.

Ar go leor bealaí, is léiriú é Cnoc an Chladaigh ar an dóigh ar imigh an Ghaeilge as Tír Eoghain. In 1901, ní raibh fágtha sa cheantar ach beirt chainteoirí dúchais. Bhí duine acu, Owen McAnally, ina chónaí lena iníon, Rose McBride agus lena fear, Patrick – agus gan Gaeilge ag ceachtar den bheirt sin. Faoi 1911, bhí Owen marbh agus ní raibh Gaeilge ag duine ar bith den 36 duine a bhí fágtha sa bhaile fearainn.



TEACH COITEORA MHÍN NA nGEARRACH (47)

Meenagarragh Cottier's House

Ciallaíonn *coiteoir* feirmeoir bocht. Bhí an cineál tí seo iontach coitianta i measc feirmeoirí bochta i nGaeltacht Shliabh Spéirín sa 19ú haois. I gcanúint thuaisceart Thír Eoghain, ciallaíonn *mín* ‘talamh féir sléibhe’. Níl muid róchinnte, áfach, cad é a chiallaíonn an dara cuid den ainm. Nuair a d’imigh na Gaeilgeoirí deireanacha ón cheantar seo ar shlí na fírinne, ghlac siad an t-eolas sin leo! Seans gur **Mín na nGearrach** (is sórt trinse é *gearrach*, thíocfadh leat prátaí a fhás ann) nó **Mín an Ghiorria** atá i gceist.

Tá Mín na nGearrach suite in iarthar cheantar Mhuintir Luinigh. Is ceantar sléibhe lán cnoc agus talamh garbh atá ann. Faoin bhliain 1802, gach seans gurbh é seo an t-aon áit i dTír Eoghain ina raibh an Ghaeilge i bhfad níos láidre ná an Béarla. Ach, idir gorta agus ocras, díshealbhú agus díbirt na ndaoine as a dtithe agus eisimirce ar an bhád bhán, bualadh buille i ndiaidh buille ar an teanga. Tháinig an buille marfach do Ghaeilge Mhuintir Luinigh leis na scoileanna náisiúnta, a raibh ceachtanna i mBéarla amháin iontu. Faoi 1891, bhí níos lú ná 7,000 cainteoir dúchais i Muintir Luinigh. Léiríonn daonáireamh 1901 nach raibh ach Gaeilgeoir amháin fágtha i Mín na nGearrach, feirmeoir 60 bliain d’aois darbh ainm James McCullagh.

Mar an gcéanna, faoin bhliain 1950, ní raibh fágtha ach dornán beag de chainteoirí dúchais Gaeilge i gceantar Mhuintir Luinigh trí chéile. Bhí cúpla duine ann i nGleann Aichle agus scór go leith cainteoirí thart ar an Chreagán agus an Caisleán Glas. Ba mhinic scoláirí Gaeilge ag tarraingt ar an cheantar ag an am seo, ag iarraidh taifead a dhéanamh den chanúint le go mbeadh cuimhne uirthi nó thuig siad go raibh Gaeilge Thír Eoghain ar an dé deiridh. Sa lá atá inniu ann, tá tréaniarrachtaí sa siúl leis an Ghaeilge a athbheochan i Muintir Luinigh trí ranganna, imeachtaí pobail agus rudaí eile nach iad.



TEACH COITEORA DHÚN CRUITHEAN (48)

Duncrun Cotter's House

Tógadh an teach beag cloiche dhá sheomra seo i nDún Cruithean sna 1750idí. Is grúpa daoine iad na **Cruithin** a mhair in oirthuaisceart Chúige Uladh le linn na luath-mheánaoiseanna. Tá **Dún Cruithean** féin suite ar Aird Mhic Giollagáin i gContae Dhoire ach bhíodh na Cruithin i gcumhacht ar fud an cheantair a dtugaimid Contae Aontroma agus Contae an Dúin air sa lá atá inniu ann.

Bhí lear mór coiteoirí nó feirmeoirí beaga bochta ann in Éirinn c.1700– 1850. Ba mhínic iad ina gcónaí i dteach nó i gcró beag bídeach. In áit an cíos a íoc le hairgead, rinne siad obair ar thalamh an tiarna talaimh agus ligeadh dóibh fanacht ina dteach. Ní raibh acu ach píosa beag talaimh dóibh féin, áit ar fhás siad prátaí mar bhia don teaghlach. I dtús an 19ú haois, ba í an Ghaeilge an teanga a labhair an chuid is mó de choiteoirí na hÉireann. Bualadh buille trom orthu nuair a tháinig an Gorta Mór, áfach, nó fuair an tromlach acu bás leis an ocras, sin, nó díbríodh as a dteach iad nó d'imigh siad as Éirinn ar imirce.

Margaret Clyde an t-ainm a bhí ar an duine deireanach a chónaigh sa teachín seo. Ba ghúnadóir í. Chaith sí chóir a bheith 90 bliain sa teach seo, go dtí go bhfuair sí bás in 1952. Bhí sé de chlú ar an teach gur teach mór airneáil a bhí ann. Ba ghnách le muintir na háite teacht le chéile sa teach le scéalaíocht agus cuideachta a dhéanamh lena chéile nó le cártaí a imirt tráthnóna.



TEACH BÓITHIGH MHACHAIRE GATHLÁN (50)

Magheragallan Byre-Dwelling

Is comhfhocal é *bóitheach* (bó + teach) a chiallaíonn ‘teach na n-ainmhithe’. Is é is *teach bóithigh* ann ná teach ar choinnigh an teaghlach a gcuid ainmhithe istigh ann thar oíche. Tógadh an teach bóithigh aon seomra seo sna 1870idí. Tá Machaire Gathlán suite i nGaath Dobhair, in iarthuaisceart Dhún na nGall. Ciallaíonn **Machaire** talamh cothrom.

Tá an Ghaeilge go fóill beo beathach sa cheantar seo sa lá atá inniu ann. Cuireann an teach seo i gcuimhne dúinn go raibh an bochtanas go fóill go mór i réim i gcuid mhaith ceantar tuaithe in Éirinn, go fiú san fhichiú haois. George Hill an t-ainm a bhí ar thiarna talaimh Mhachaire Gathlán, ba leis-sean an talamh uilig. Ba é George Hill Feisire Parlaiminte Charraig Fhearghais agus phós sé beirt de neacha Jane Austen! Cheannaigh sé teach saoire agus talamh in iarthuaisceart Dhún na nGall.

Cé go ndearna an Tiarna Hill iarracht geilleagar an cheantair a leasú, agus cé gur éirigh leis tionsclaíocht a chur ar bun ag tús na 1840idí agus gur chuidigh sé sin le daoine i rith an Ghorta Mhóir, tharraing cuid de na hathruithe a rinne sé ina dhiaidh sin anrór ar mhuintir na háite. Chuir sé stad le comhroinnt an talaimh, níor lig sé do mhuintir na háite a gcuid caorach a chur ar féarach ar thalamh sléibhe agus d’ardaigh sé an cíós a bhí le híoc acu. Thug duine de thionóntaí Hill i Machaire Gathlán, Charles Gallagher, fianaise do choiste rialtais i dTeach na dTeachtaí i Londain. Bhí an coiste ag fiosrú fhadhb an bhochtanais i nGaath Dobhair agus Cloich Chionnaola. D’aistrigh an sagart paróiste, an tAthair John Doherty, a chuid fianaise go Béarla don choiste. Arsa an sagart leis an choiste:



*"Ní chothaíonn an talamh é níos faide ná an ceathrú cuid den bhliain;
an t-aon bhia a bhíonn aige ná feamainn agus prátaí nó feamainn agus
tornapa; níl bainne ar bith sa teach aige; níl de leaba aige ach cochán agus
maidí adhmaid; ní raibh blaincéad aige go dtí go bhfuair sé ceann ón chiste
fóirithinte; níl go leor éadaí ag dhá thrian de na mná lena gclúdach féin mar is
cuí; níl go fiú muinchillí i léinte na bhfear..."*

HALLA ORÁISTEACH ‘LÁMH & PEANN’ (52)

Hand and Pen Orange Hall

Tógadh Halla Oráisteach “Lámh agus Peann” in 1884 i gContae Mhuineacháin. Baíneann an t-ainm le siopa a bhíodh ann san áit ar tógadh an halla. Taobh amuigh den siopa, bhí comhartha ar a raibh pictiúr de lámh agus greim aici ar pheann cleite. Sa Ghaeilge, tugaimid **fear buí** ar bhall den Ord Oráisteach.

Is minic, sa lá atá inniu ann, a chuireann an tOrd Oráisteach in éadan na Gaeilge nó bíonn siad ag maíomh as an fhéiniúlacht Phrotastúnach Bhríontanach atá acu. Bhí am ann, áfach, nuair a d’úsáid go leor fear buí an Ghaeilge go fonnmhar. Bhí fir bhuí ann go fiú a bhí ina mball de Chonradh na Gaeilge. Ag Comhdháil na nAontachtaithe Uladh in 1892, mar shampla, ní hamháin go raibh meirge ollmhór agus an frása “God Save the Queen” air ag ceann an halla; bhí meirge eile taobh leis ar a raibh na focail “**Erin-go-Bragh**”. Ní go dtí gur samhlaíodh ceangal níos láidre a bheith ag an náisiúnachas leis an Ghaeilge ag tús an 20ú haois a stad an tOrd Oráisteach de bheith á húsáid.

Is díol spéise é gurb é an halla seo a spreag an meirge Oráisteach deireanach a raibh mana Gaeilge air. Tógadh an halla ar thalamh ar le muintir Garland é. Nuair a thug fear buí óg darbh ainm Roy Garland cuairt air sna 1960idí, spreagadh é leis an ainm “Ireland’s Heritage” a thabhairt ar a Lóiste Oráisteach féin. Bhí an t-aistriúchán Gaeilge “**Oidhreacht Éireann**” scríofa ar an mheirge.



SCOIL NÁISIÚNTA BHAILE BHAIRÉADACH (34)

Ballyverdagh National School

Osclaíodh Scoil Náisiúnta Bhaile Bhairéadach i dtuaisceart Aontroma in 1837. Is éan mara é an bairéadach atá coitianta thart ar chósta Aontroma. Tá cloigeann dubh air, mar a bheadh sé ag caitheamh *bairéid*. Mar a bhí amhlaidh le scoileanna náisiúnta eile, is i mBéarla amháin a rinneadh an teagasc sa scoil seo.

Cuireadh córas na scoileanna náisiúnta in Éirinn ar bun in 1831 le bunoidreachas a thabhairt do pháistí idir 6-12 bhliain d'aois. Cé gur fhoghlaim na páistí léamh agus scríobh, cuireadh béim mhór sna scoileanna ar theagasc faoi Impireacht na Breataine. Ní raibh áit ar bith ann don Ghaeilge ná don Ghaelachas.

Ar íorónaí an tsaoil, nuair a tháinig scéal amach sna 1840idí go raibh daoine fásta ag foghlaim léamh agus scríobh trí mheán na Gaeilge i scoil Bhíobla de chuid na hEaglaise Preispitéirí sa Bhaile Bhairéadach, bhí sagairt Chaitliceacha an cheantair ar buile.

Duine de na múinteoirí i Scoil Náisiúnta Bhaile Bhairéadach ná bean darbh ainm Ms Ester McCurdy. Léiríonn scéal Ester an drochmheas a bhíodh ar an Ghaeilge sna scoileanna náisiúnta. Ba í Ester an t-aon mhúinteoir amháin i mBaile Bhairéadach in 1888. Fuair sí an post agus gan í ach 22 bliain d'aois. Ba chainteoir dúchais Gaeilge í as Oileán Reachlainne. Bhí riail ann áfach, nach raibh cead aici Gaeilge a theagasc le linn uaireanta scoile. Níor athraíodh an riail sin go dtí an bhliain 1901. Dúirt daltaí ag an am sin “*nár theagasc sí mórán Gaeilge,*” diomaite de na paidreacha agus corr-rud eile. D’fhan sí sa scoil ar feadh 37 bliain. Druideadh Scoil Náisiúnta Bhaile Bhairéadach in 1935.




EAGLAIS NAOMH EOIN BAISTE, DROIM CRÍ (38)

Church of St John the Baptist, Drumcree

Bhí an iar-eaglais Chaitliceach seo suite, lá den saol, i nDroim Crí, in aice le Port an Dúnáin. Bhí sí in úsáid go dtí na 1970idí. Ciallaíonn **Droim Crí** sórt cnocáin ar imeall nó ag *críoch* príosá talaimh. Is dócha gurbh í abhainn na Banna *críoch* an phíosá talaimh sa chás seo. Tá ceangal seanbhunaithe idir an Caitliceachas agus an Ghaeilge in Éirinn. Go traidisiúnta, ba trí mheán na Gaeilge agus na Laidine a labhair sagairt Chaitliceacha lena bpobal. Ach, de réir mar a tháinig athruithe ar an tír, d'athraigh an caidreamh idir an Caitliceachas agus an teanga.

Ón 19ú haois i leith, chuir an úsáid a bhain cumainn Bhíobla Phrotastúnacha as an Ghaeilge le Caitlicigh a iompú ina bProtastúnaigh roinnt sagart in éadan na teanga. Thosaigh go leor sagart eile ar an Bhéarla a úsáid ina gcuid seirbhísí mar gur sin an teanga ba mhó a labhair na daoine. Faoi dheireadh, d'fhill go leor sagart ar an Gaeilge, ach taobh amuigh den eaglais, den chuid is mó. Bhí an tAthair Thomas McDonald, sagart i nDroim Crí ag tús an 20ú haois, ar dhuine den ghlúin óg de shagairt a bhí gníomhach i gConradh na Gaeilge. D'fhoilsigh sé *'Amhrán Diadha do Naomhaibh Éireann'* go dátheangach sa bhliain 1912.

Ba é an Dr. Urramach Francis McLarnon an sagart paróiste deireanach a bhí lonnaithe san eaglais seo. Rinne sé a lán rudaí leis an Ghaeilge a chur chun cinn agus bhí sé ina Uachtarán ar Chomhaltas Uladh fosta, an chraobh de Chonradh na Gaeilge a bhí i réim i gCúige Uladh. Ceadaíodh teangacha eile seachas Laidin a úsáid le linn an Aifrinn sna 1960idí. Tógadh eaglais nua i nDroim Crí agus bhí roinnt mhaith Aifreann Gaeilge inti ó na 1990idí i leith.




HALLA AN PHARÓISTE (37)

Parochial Hall

Tógadh an halla seo i bPort an Pheire ag tús an 20ú haois. Is é atá scríofa ar thosach an halla ná **Talla Naoim Pádraig Talla Naoim Pádraig** sa seanchló Gaelach. Cionn is nach raibh aon H sa tseanaibítir Ghaelach, d’úsáid siad T ina áit. Ciallaíonn an ponc beag os cionn na litreach go bhfuil séimhiú (h) ina diaidh.

Bhíodh hallaí mar seo i gcroílár shaol sóisialta an phobail i gceantair tuaithe ag an am seo. Ar an ábhar sin, bhí go leor acu lárnach in athbheochan na Gaeilge ag tús an 20ú haois. In 1901, bhunaigh muintir Phort an Pheire ceann de na chéad chraobhacha de Chonradh na Gaeilge i gContae an Dúin sa halla seo. Tugadh Craobh Naomh Pádraig uirthi agus bhí 70 ball aici ina céad samhradh. Mar aon le bheith ag foghlaim damhsa Gaelach agus ceol traidisiúnta, rinne baill na craobhe staidéar ar an leabhar *Simple Lessons in Irish* leis an Athair Eugene O’Growney.

Ar dhuine de na daoine ba mhó a chuir bunú na craobhe chun cinn sa halla, bhí an sagart paróiste, an tAthair Hugh Magorrian. Is é an aidhm a bhí aige go ndéanfaí den halla, “*áit shábháilte ina dtiocfadh le fir an cheantair, agus na fir óga go háirithe, teacht le chéile*”. In 1903, thug fear a bhí go mór chun cinn i ngluaiseacht na hathbheochana i mBéal Feirste, P. J. O’Shea, cuairt ar fhéile sa halla seo. Is é an cur síos a rinne sé ar Phort an Pheire, gur “*ceann de thearmainn na Gaeilge*” a bhí ann, áit a raibh “*dualgas speisialta curtha rompu féin ag na daoine chun caint na nGael a athbheochan!*”



PLÁS CHLUANA (01, 02, 29)

Cluan Place

Bhí Plás Cluana suite an chéad lá in oirthear Bhéal Feirste. Ciallaíonn Cluain ‘spás mór oscailte ina bhfuil féar agus bláthanna fiáine ag fás’ ach tháinig an Chluain seo ó theach a raibh an t-ainm sin air. Ba leis an Dr. Samuel Bryson an teach. Ba dhochtúir in arm na Breataine é agus deirtear gurbh é an chéad saoránach de chuid Bhéal Feirste é a spreag daoine leis an Ghaeilge a fhoghlaim. Ní rófhada ón tsráid seo a bunaíodh an chéad chraobh de Chonradh na Gaeilge i mBéal Feirste sa bhliain 1895.

Bhí ról lárnach ag craobh Bhéal Feirste de Chonradh na Gaeilge in athbheochan na Gaeilge i gCúige Uladh. Nuair a bunaíodh í, bhí 22 ball ann ach faoi dheireadh na bliana, bhí 120 ball aici. Is é a dúirt uachtarán na craoibhe, an Dr John St Clair Boyd, go bródúil, agus é ag cáint ar bhaill na craoibhe, go raibh acu “*baill de gach creideamh agus de gach aicme agus muid go hiomlán neamhpholaitiúil agus neamhsheicteach.*” Ar ghníomhaíochtaí na craoibhe, bhí cúrsaí, féilte agus turais chuig ceantair Ghaeltachta, áit a dtiocfadh leis na baill bualadh agus éisteacht le Gaeilgeoirí. Faoi 1902, bhí a oiread sin déanta ag Craobh Bhéal Feirste leis an Ghaeilge uirbeach a chothú gur cuireadh tús leis na chéad chúrsaí oiliúna Gaeilge do mhúinteoirí sa chathair.

Faoin am sin, bhí 20 craobh de Chonradh na Gaeilge ann i mBéal Feirste agus 500 ball i gCraobh Iarthar Bhéal Feirste! Is amhlaidh, áfach, gur eagraíodh bunús na gCraobhacha úra seo thart ar pharóistí Caitliceacha agus gur sna scoileanna Caitliceacha a teagascadh na ranganna. Ar an drochuair, de réir mar a bhí an seicteachas ag teacht chun cinn ó 1912 i leith, tháinig laghdú ar líon na bProtastúnach a raibh baint acu le gluaiseacht uirbeach na Gaeilge.



Léiríonn Plás Cluana agus a chuid staire dúinn gur le gach duine an Ghaeilge agus go dtig linn uilig í a cheiliúradh!

LOGAINMNEACHA EILE I gCÚL TRÁ

Logainm	Béarla	Ciall i mBéarla
<i>Achadh Gallán</i>	Aghagallon	Field of standing stones
<i>Ard Mhacha</i>	Armagh	Height of Macha
<i>Baile an Doire</i>	Ballinderry	Townland of the oak
<i>Baile an Dúin</i>	Ballydown	Townland of the hill-fort
<i>Baile Uí Dhuagáin</i>	Ballydugan	O'Dugan's townland
<i>Baile Mhic an Bheatha</i>	Ballyveagh	MacVeigh's townland
<i>Baile Uí Mhaoláin</i>	Ballyvollen	(O')Mullan's townland
<i>Béal Feirste</i>	Belfast	Mouth of the sand-bank ford
<i>Carraig Fhearghais</i>	Carrickfergus	Fergus' rock
<i>Cúil Raithin</i>	Coleraine	Corner / nook of ferns
<i>Cor a' Droigheanáin</i>	Corradreenan	round hill of the blackthorn
<i>Bun Abhann Dála</i>	Cushendall	Foot of the river Dall
<i>Domhnach Daoi</i>	Donaghadee	Church of the motte / Daoi
<i>Droim Mór</i>	Dromore	The big ridge
<i>Droim na hUinseann</i>	Drumnahunshin	Ridge of the ash-tree
<i>Gort an Chaisil</i>	Gorticashel	Field of the stone ring-fort
<i>Coill Uí Néill</i>	Killyneill	Ó Néill's wood
<i>Lios Mhic Bhloscaidh</i>	Lismacloskey	McCloskey's fort
<i>Lios Réisc</i>	Lisrace	Fort of the Marsh
<i>Baile Nua na hArda</i>	Newtownards	New town of the promontory
<i>An Ómaigh</i>	Omagh	The virgin plain
<i>Port an Phéire</i>	Portaferry	Port of the ferry
<i>Port Chluain Eoin</i>	Portglenone	Landing-place of Eoghan's meadow
<i>An tSráid</i>	Straid	The Street / Village
<i>Tulaigh Lis</i>	Tullylish	Hillock of the ring-fort





An tÁisaonad, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste, a chuir an treoirleabhar seo in oiriúint do Ghaeilgeoirí.

Soláthraíonn **an tÁisaonad** áiseanna foghlama agus teagaisc do dhaltaí Gaelscoile fud fad na hÉireann.

Is féidir breis eolais a fháil ar obair an Áisaonaid ach cuairt a thabhairt ar www.aisaonad.org

